AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 12.1.2021
COM(2021) 11 final

2021/0005 (NLE)

Togra le haghaidh

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an seasamh a ghlacfar thar ceann an Aontais Eorpaigh i gComhchoiste an Aontais Eorpaigh-na hEilvéise a bunaíodh leis an gComhaontú an 25 Meitheamh 2009 idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le cigireachtaí agus foirmiúlachtaí a shimpliú i leith earraí a iompar agus maidir le bearta slándála custaim a mhéid a bhaineann leis an leasú ar Chaibidil III den Chomhaontú agus ar Iarscríbhinn I agus Iarscríbhinn II a ghabhann leis**

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. ÁBHAR AN TOGRA

Baineann an togra seo leis an gcinneadh lena mbunaítear an seasamh a ghlacfar thar ceann an Aontais sa Chomhchoiste i ndáil le glacadh beartaithe na leasuithe ar Chaibidil III den Chomhaontú an 25 Meitheamh 2009 idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le cigireachtaí agus foirmiúlachtaí a shimpliú i leith earraí a iompar agus maidir le bearta slándála custaim ('an Comhaontú') agus i ndáil le glacadh beartaithe na leasuithe ar Iarscríbhinn I agus Iarscríbhinn II a ghabhann leis an gComhaontú.

## 2. COMHTHÉACS AN TOGRA

### 2.1. An leasú ar an gComhaontú maidir le cigireachtaí agus foirmiúlachtaí a shimpliú i leith earraí a iompar agus maidir le bearta slándála custaim

Tháinig an Comhaontú i bhfeidhm an 1 Iúil 2009 agus áirithíodh leis sreabha rianúla trádála idir an Eilvéis agus an tAontas Eorpach agus ardleibhéal slándála i slabhra an tsoláthair. Tá an Comhaontú bunaithe ar an bprionsabal go ndéanfaidh an tAontas Eorpach agus an Eilvéis na bearta slándála céanna a bhunú agus a chur i bhfeidhm i leith earraí a iompar chuig tríú tíortha agus astu araon, agus leibhéal coibhéiseach slándála á áirithiú acu ag a dteorainneacha seachtracha san am céanna. Tarscaoiltear leis an gComhaontú an oibleagáid atá ar thrádálaithe dearbhú iontrála achomair a sholáthar don chustam roimh an allmhairiú agus roimh an onnmhairiú i dtrádáil dhéthaobhach idir an tAontas Eorpach agus an Eilvéis. Idir an dá linn, maidir le trádáil le tríú tíortha, cuireann an Eilvéis bearta slándála custaim atá coibhéiseach leo sin san Aontas Eorpach chun feidhme.

Cé go bhfuil a gcóras féin ag gach Páirtí le haghaidh na dearbhuithe iontrála achoimre a bhainistiú (is é an Córas Rialaithe Allmhairí (ICS) an córas atá ar bun san Aontas Eorpach), níl aon nasc ann idir an dá chóras faoi láthair.

Ó 2016 amach, tá an Coimisiún ag déanamh réamhdhíospóireachtaí d'fhonn reachtaíocht an Chomhaontaithe a thabhairt cothrom le dáta agus comhtháthú a dhéanamh ar rannpháirtíocht na hEilvéise amach anseo i gclár nua slándála agus sábháilteachta réamhtheachta custaim an Aontais Eorpaigh, is é sin Córas Rialaithe Allmhairí 2 (ICS2), ar córas láraithe é.

Ina theannta sin, foráladh le Cód Custaim an Aontais do bhearta a chuirtear ar áireamh i dtionscadal nua ICS2, ar bearta iad lena ndéanfar athrú mór ar na réamhoibríochtaí custaim lasta le haghaidh earraí a thugtar isteach san Aontas Eorpach agus ar an gcreat coiteann foriomlán bainistíochta riosca. Athshamhaltófar leis an gclár nua an próiseas atá ann cheana i dtaca le TF, dlí agus bainistíocht riosca custaim/rialuithe custaim agus ó thaobh dearcthaí oibriúcháin trádála de. Leis an gclár, baileofar sonraí faoi na hearraí uile a thugtar isteach san Aontas Eorpach roimh a dteacht. Beidh ar Oibreoirí Eacnamaíocha sonraí sábháilteachta agus slándála a dhearbhú do ICS2, agus an Dearbhú Iontrála Achomair á úsáid acu. Ní bheidh an t-aon oibleagáid amháin ar gach Oibreoir Eacnamaíoch tosú ar dhearbhuithe den sórt sin a chomhdú. Beidh an oibleagáid sin ag brath ar an gcineál seirbhísí a sholáthraíonn siad sa ghluaiseacht idirnáisiúnta earraí agus tá sí nasctha leis na trí dháta eisiúna a bhaineann le ICS2 (15 Márta 2021, 1 Márta 2023, agus 1 Márta 2024). A bhuí le réamhfhaisnéis lasta agus le hanailís riosca, beifear in ann bagairtí a shainaithint go luath agus cabhrófar le húdaráis chustaim idirghabháil ag an bpointe is iomchuí i slabhra an tsoláthair.

Dá bhrí sin, is ionann ICS2 agus ionstraim riachtanach custaim de chuid an Aontais Eorpaigh le haghaidh feabhas a chur ar bhainistíocht na rialuithe teorann slándála agus sábháilteachta ag an tslí isteach, rud a thacaíonn le clár slándála agus sábháilteachta réamhtheachta custaim

an Aontais Eorpaigh. Chun an leibhéal slándála céanna a choinneáil ar bun ag na teorainneacha seachtracha, chomhaontaigh an Eilvéis dul isteach i dtionscadal ICS2 agus bheith réidh le dul i mbun oibríochta faoin am a thosófar an chéad eisiúint de ICS an 15 Márta 2021. Beidh feidhm ag na forálacha sin ar bhealach coibhéiseach freisin maidir leis na leasuithe comhchosúla ar an gcomhaontú slándála custaim idir an tAontas Eorpach agus an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, rud is infheidhme i leith na hIorua amháin.

Is iad na leasuithe atá beartaithe ar an gComhaontú an toradh ar an idirbheartaíocht idir an tAontas Eorpach agus an Eilvéis agus an Iorua a tosaíodh i mí na Samhna 2019 agus a críochnaíodh i mí Dheireadh Fómhair 2020. Tabharfar aird sna leasuithe ar Chaibidil III den Chomhaontú freisin ar an reachtaíocht ábhartha ón Aontas Eorpach a fhorbairt i réimse na nOibreoirí Eacnamaíocha Údaraithe agus an chreata bainistíochta riosca agus anailíse riosca. Áiritheoidh sé sin leibhéal slándála coibhéiseach ag na teorainneacha seachtracha agus cuirfidh sé feabhas ar shlándáil agus sábháilteacht an limistéir shlándála choitinn.

Áireofar leis an gComhaontú freisin socrú maoiniúcháin (Iarscríbhinn I, Teideal III), lena gcumhdaítear na costais a bhaineann le forbairt agus úsáid oibríochtúil ICS2 ag an Eilvéis agus sonraí feidhmiúla ICS2, a léirítear sna socruithe teicniúla (Iarscríbhinn I, Teideal II).

Ar deireadh, maidir le cosaint sonraí, ní mór dlíthe an Pháirtí Chonarthaigh is aistritheoir a chomhlíonadh le linn aistrithe cosanta sonraí agus aistrithe sonraí a dhéanamh, i.e. i gcás aistrithe ón Aontas Eorpach, an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí.

### 2.2. Comhchoiste an Aontais Eorpaigh-na hEilvéise

Bunaítear Comhchoiste an Aontais Eorpaigh-na hEilvéise le hAirteagal 19 den Chomhaontú. Gníomhaíonn an Comhchoiste le comhaontú frithpháirteach, agus ionadaíocht á déanamh aige do gach Páirtí Conarthach.

Tagann an Comhchoiste le chéile uair amháin in aghaidh na bliana ar a laghad agus tá sé de fhreagracht air an Comhaontú a riar agus cur chun feidhme cuí an Chomhaontaithe a áirithiú. Chun na críche sin, féadfaidh sé moltaí agus cinntí a dhéanamh amhail Cinneadh chun Caibidil III agus na hiarscríbhinní a leasú, ar leasuithe iad a chuirfidh na Páirtithe Conarthacha chun feidhme ansin i gcomhréir lena rialacha féin.

### 2.3. An gníomh atá beartaithe ag an gComhchoiste

Ag an gcéad chruinniú eile dá chuid nó trí mhalartú litreacha, glacfaidh an Comhchoiste cinneadh maidir leis an gComhaontú a leasú (‘an gníomh atá beartaithe’).

Is é cuspóir an ghnímh atá beartaithe an caighdeán is airde slándála agus rialaithe a áirithiú le haghaidh earraí a thugtar thar theorainneacha an Aontais Eorpaigh agus na hEilvéise agus a thugtar isteach ina gcríocha custaim.

Beidh an gníomh atá beartaithe ina cheangal ar na páirtithe i gcomhréir le hAirteagal 21 den Chomhaontú, lena bhforáiltear don méid seo a leanas: “*1. Beidh sé de fhreagracht ar an gComhchoiste an Comhaontú seo a riar agus cur chun feidhme cuí an Chomhaontaithe a áirithiú. Chun na críche sin, déanfaidh sé moltaí agus cinntí. 2. Trí na cinntí uaidh, féadfaidh an Comhchoiste Caibidil III agus na hIarscríbhinní a leasú.*”

De bhun Airteagal 22.4 den Chomhaontú, más rud é nach féidir an cinneadh a ghlacadh lena chur chun feidhme comhuaineach, déanfar na leasuithe dá bhforáiltear sa dréachtchinneadh arna chur isteach lena fhormheas ag na Páirtithe Conarthacha a chur chun feidhme go sealadach.

## 3. AN SEASAMH A GHLACFAR THAR CEANN AN AONTAIS

### 3.1. Forbhreathnú ginearálta ar an gComhaontú seo

Tarraingítear aird i gComhaontú 2009 ar an gcaidreamh speisialta trádála déthaobhaí atá ann idir an tAontas Eorpach agus an Eilvéis agus an leas frithpháirteach láidir atá ann i mbearta coibhéiseacha slándála custaim a chur chun feidhme. Tríd an gcomhaontú seo maidir le bearta slándála custaim, tugann an tAontas Eorpach agus an Eilvéis aitheantas frithpháirteach iomlán do rialuithe slándála custaim agus, ar an mbealach sin, leathnaíonn siad limistéar slándála custaim an Aontais Eorpaigh.

Tá an Comhaontú bunaithe ar Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2013 lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais agus ar na Gníomhartha Cur Chun Feidhme agus Tarmligthe seo a leanas:

- Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 ón gCoimisiún, lena n-áirítear an colún ábhartha in Iarscríbhinn B;
- Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2089 ón gCoimisiún, lena n-áirítear na freagrachtaí atá ar na páirtithe i ndáil le cosaint agus rialú sonraí;
- An Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gCoimisiún maidir leis an gClár Oibre;
- Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446 ón gCoimisiún, lena n-áirítear na colúin ábhartha in Iarscríbhinn B.

Ar mhaithe le slándáil a mhéadú sa trádáil idirnáisiúnta earraí, thug an tAontas Eorpach bearta nua isteach in 2006 chun caighdeáin níos airde a áirithiú i rialuithe custaim (IP/06/1821). Áirítear leo sin rialacha agus teorainneacha ama le haghaidh trádálaithe maidir le faisnéis a chur isteach faoi earraí sula ndéanfar iad a allmhairiú chuig an Aontas Eorpach nó sula ndéanfar iad a onnmhairiú amach as (dearbhuithe leictreonacha iontrála agus imeachta); córas de chuid an Aontais Eorpaigh le haghaidh anailís agus bainistíocht riosca; córas le haghaidh Oibreoirí Eacnamaíocha Údaraithe de chuid an Aontais Eorpaigh a éascú.

Chomh maith leis sin, chomhaontaigh an tAontas Eorpach agus an Eilvéis obair i dtreo creat coiteann le haghaidh bainistíocht riosca, lena n-áirítear faisnéis a bhaineann le riosca a mhalartú de réir mar is iomchuí.

Leasaíodh an Comhaontú i gcomhthéacs forbairt a dhéanamh ar chreat coiteann den sórt sin le haghaidh rialuithe custaim níos fearr agus tar éis an tAontas Custaim agus an reachtaíocht a bhaineann leis a nuachóiriú. Ba cheart go n-áiritheofaí leis sin an caighdeán is airde slándála agus rialaithe le haghaidh earraí a thugtar thar theorainneacha an Aontais Eorpaigh agus na hEilvéise agus a thugtar isteach ina gcríocha custaim.

### 3.2. Na leasuithe atá beartaithe ar an gComhaontú i gcomhthéacs rannpháirtíocht na hEilvéise in ICS2

Is é ICS2 an chéad líne cosanta maidir leis an margadh inmheánach agus saoránaigh an Aontais Eorpaigh a chosaint. Trí phróisis fheabhsaithe atá bunaithe ar shonraí slándála custaim, fothaítear leis rialuithe éifeachtacha custaim atá bunaithe ar riosca, agus saorshreabhadh na trádála dlisteanaí ar fud theorainneacha seachtracha an Aontais Eorpaigh á éascú aige.

Leis an gclár, cabhrófar le cur chuige comhtháite de chuid an Aontais Eorpaigh a bhunú chun an creat bainistíochta riosca custaim a threisiú. Tá sé sin ar cheann amháin de na príomhghníomhaíochtaí faoi Chód Custaim an Aontais agus faoin straitéis bainistíochta riosca custaim, ar aon dul leis an bplean gníomhaíochta a ghlac an Chomhairle in 2014 agus leis na

cuspóirí atá ag Coimisiún Von der Leyen le haghaidh an tAontas Custaim a thabhairt chuig an gcéad leibhéal eile.

Mar chóras réamhfhaisnéise lasta, baileofar le ICS2 sonraí faoi na hearraí uile a thugtar isteach san Aontas Eorpach roimh a dteacht. Beidh ar Oibreoirí Eacnamaíocha sonraí sábháilteachta agus slándála a dhearbhú do ICS2, agus rud ar a dtugtar Dearbhú Iontrála Achomair á úsáid acu. Ní bheidh an t-aon oibleagáid amháin ar gach Oibreoir Eacnamaíoch tosú ar dhearbhuithe den sórt sin a chomhdú. Beidh an oibleagáid sin ag brath ar an gcineál seirbhísí a sholáthraíonn siad sa ghluaiseacht idirnáisiúnta earraí agus tá sí nasctha leis na trí dháta eisiúna a bhaineann le ICS2 (15 Márta 2021, 1 Márta 2023, agus 1 Márta 2024).

An 10 Meán Fómhair 2019, dheimhnigh an Eilvéis a rannpháirtíocht i gCóras Rialaithe Allmhairí 2 (ICS2). Mar thoradh ar an deimhniú sin, tosaíodh díospóireachtaí foirmiúla idir an tAontas Eorpach agus an Eilvéis, agus rannpháirtíocht na tíre comhpháirtíochta i gcreat coiteann ICS2 á héascú, rud a sheolfar an 15 Márta 2021.

Is é atá i gceist leis an Eilvéis a chur le clár ICS2, mar sin, oiriúnuithe teicniúla agus airgeadais a dhéanamh ar an gComhaontú, go háirithe leasuithe lena léirítear nuachóiriú an Aontais Chustaim agus na reachtaíochta a bhaineann leis.

### 3.3. Na leasuithe dlíthiúla atá beartaithe ar an gComhaontú i gcomhthéacs nuachóiriú Chód Custaim an Aontais

Tá na príomhathruithe a thugtar isteach sa dréacht-Chomhaontú leasaithe bunaithe ar Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 maidir le Cód Custaim an Aontais agus ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446 a bhaineann leis. Is é an toradh atá ar na hathruithe sin go n-ailínítear an Comhaontú leasaithe leis an reachtaíocht is déanaí ón Aontas Eorpach atá ábhartha maidir le bearta slándála custaim, le dearbhuithe iontrála achoimre agus dearbhuithe imeachta achoimre, le forbairt agus imscaradh na gcóras leictreonach ábhartha, le hoibreoirí eacnamaíocha údaraithe, leis an bpróiseas coiteann anailíse riosca agus leis an gcreat bainistíochta riosca, ar aon dul leis an reachtaíocht is déanaí a bhaineann le cosaint sonraí pearsanta.

Úsáideadh na téacsanna dlí seo a leanas mar bhunús do na mórleasuithe ar an gComhaontú:

- Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2013 lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais:
  - Airteagal 46 maidir le bainistíocht riosca agus rialuithe custaim;
  - Airteagal 127 maidir leis na forálacha ábhartha le haghaidh dearbhú iontrála achomair a thaisceadh: foirm agus ábhar, úsáid córas leictreonach, taisceadh agus tarscaoiltí, teorainneacha ama, clárú, na daoine a thaiscfidh, anailís riosca a bhaineann le slándáil agus sábháilteacht, ilchomhdú;
  - Airteagal 128 maidir le hanailís riosca;
  - Airteagal 6(1), Airteagail 12, 16, 46 agus 47, agus Airteagail 127 go 133, lena mbunaítear an bunús dlí do ICS2 a fhorbairt agus a imscaradh;
- **Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2151 ón gCoimisiún an 13 Nollaig 2019** lena mbunaítear an clár oibre a bhaineann le forbairt agus imscaradh na gcóras leictreonach dá bhforáiltear i gCód Custaim an Aontais;
- **Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446 ón gCoimisiún** (mar is infheidhme an 16 Iúil 2020):

- Airteagail 104, 106, 112, 113 agus 113a maidir leis an dearbhú iontrála achomair;
- Iarscríbhinn B maidir le ceanglais sonraí;

– **Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 ón gCoimisiún** (mar is infheidhme an 20 Iúil 2020):

- Airteagal 24 maidir le comhlíonadh le haghaidh oibreoirí eacnamaíocha údaraithe, rud a chuirtear in ionad airteagal 2 d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an gComhaontú;
- Airteagail 182, 183, 184, 185, 186, 188 agus 189 maidir leis an dearbhú iontrála achomair;
- Iarscríbhinn B maidir le struchtúr agus formáid sonraí;

Níor glacadh go foirmiúil go fóill na leasuithe is déanaí ar Iarscríbhinn B a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446 ón gCoimisiún agus ar Iarscríbhinn B a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 ón gCoimisiún. Mar sin, fágadh ionadchoinneálaí laistigh den leasú atá beartaithe ar an gComhaontú seo chun na fonótaí a thabhairt cothrom le dáta a luaithe a fhoilseofar na leasuithe (féach Iarscríbhinn I, Airteagal 2, a ghabhann leis an gComhaontú leasaithe).

Rinne an Coiste um an gCód Custaim de chuid an Choimisiúin Eorpaigh an leasú ar Airteagal 24 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 ón gCoimisiún a ghlacadh an 28 Meán Fómhair 2020. Níor cinneadh dáta foilsithe an leasaithe go fóill.

De bhun Chinneadh 1/2014[1] ón gComhchoiste agus de bhun an Chomhaontaithe Aeriompair an 21 Meitheamh 1999[2] lena rialaítear sábháilteacht agus slándáil eitlíochta, go háirithe idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise, beartaíodh eisceacht le haghaidh aeriompair i gcorp an Chomhaontaithe leasaithe (Iarscríbhinn I, airteagal 20) maidir le dearbhuithe imeachta achoimre a thaisceadh.

### 3.4. Na leasuithe struchtúracha atá beartaithe ar an gComhaontú

Maidir le struchtúr an Chomhaontaithe, bhí gá ann leis na ranna lena gcumhdaítear Iontráil earraí (Teideal I) agus Imeacht earraí (Teideal IV) a roinnt ina dhá dTeideal dhifriúla laistigh d'Iarscríbhinn I maidir le Dearbhuithe Iontrála Achoimre agus Dearbhuithe Imeachta Achoimre, go háirithe mar gheall ar na forálacha níos mionsonraithe a bhaineann le Dearbhuithe Iontrála Achoimre agus le ICS2.

Ar aon dul leis an réasúnaíocht atá taobh thiar den athbhreithniú struchtúrach sin ar Iarscríbhinn I, cruthaíodh dhá Theideal nua chun na nithe seo a leanas a chumhdach:

– Teideal II: na Socruithe Teicniúla le haghaidh Chóras Rialaithe Allmhairí 2;

– Teideal III: na Socruithe Airgeadais le haghaidh Chóras Rialaithe Allmhairí 2.

### 3.5. An seasamh a ghlacfaidh an tAontas

Ba cheart don Chomhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa, de pháirt amháin, agus Cónaidhm na hEilvéise, den pháirt eile,

[1] Cinneadh Uimh. 1/2014 ó Chomhchoiste an Aontais Eorpaigh-na hEilvéise an 10 Deireadh Fómhair 2014 lena gcinntear na cásanna díolúine ó tharchur a dhéanamh ar na sonraí dá dtagraítear sa chéad fhomhír d'Airteagal 3(3) d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gComhaontú an 25 Meitheamh 2009 idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le cigireachtaí agus foirmiúlachtaí a shimpliú i leith earraí a iompar agus maidir le bearta slándála custaim (IO L 331, 18.11.2014, lgh. 38–39)

[2] IO L 114, 30/04/2002, lgh. 73 - 90

Cinneadh a ghlacadh lena gcomhaontaítear leis an leasú ar Chaibidil III den Chomhaontú agus ar na hIarscríbhinní a ghabhann leis. Déantar é sin trí Chinneadh ón gComhchoiste le linn cruinniú de chuid an Chomhchoiste ina ndéantar ionadaíocht don Aontas Eorpach nó trí mhalartú litreacha.

Ba cheart an seasamh a ghlacfaidh an tAontas Eorpach laistigh den Chomhchoiste a bhunú le cinneadh ón gComhairle ar bhonn an togra ón gCoimisiún. Cuirfidh na Páirtithe Conarthacha an Comhaontú leasaithe chun feidhme ansin le comhaontú frithpháirteach.

## 4. BUNÚS DLÍ

### 4.1. Bunús dlí don nós imeachta

*4.1.1. Prionsabail*

Foráiltear le hAirteagal 218(9) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) do chinntí lena mbunaítear '*na seasaimh a ghlacfar thar ceann an Aontais i gcomhlacht arna chur ar bun le comhaontú nuair a iarrtar ar an gcomhlacht sin gníomhartha a ghlacadh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo, seachas gníomhartha lena bhforlíonfar nó lena leasófar creat institiúideach an chomhaontaithe*.'

*4.1.2. Cur i bhfeidhm maidir leis an gcás seo*

Tá Comhchoiste an Aontais Eorpaigh-na hEilvéise ina chomhlacht a cuireadh ar bun le comhaontú, mar atá an Comhaontú maidir le cigireachtaí agus foirmiúlachtaí a shimpliú i leith earraí a iompar agus maidir le bearta slándála custaim.

Is ionann an gníomh a n-iarrtar ar an gComhchoiste é a ghlacadh agus gníomh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leis.

Ní dhéantar creat institiúideach an Chomhaontaithe a fhorlíonadh ná a leasú leis an ngníomh atá beartaithe.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 218(9) CFAE an bunús dlí don nós imeachta don chinneadh atá beartaithe.

### 4.2. Bunús dlí substainteach

*4.2.1. Prionsabail*

Tá an bunús dlí substainteach do chinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE ag brath go príomha ar chuspóir agus ábhar an ghnímh atá beartaithe ar ina leith a ghlactar seasamh thar ceann an Aontais. Más rud é go saothraítear dhá aidhm leis an ngníomh atá beartaithe nó go bhfuil dhá chomhpháirt aige agus gur féidir ceann amháin de na haidhmeanna nó na comhpháirteanna sin a shainaithint mar phríomhaidhm nó mar phríomh-chomhpháirt agus an ceann eile a shainaithint mar aidhm theagmhasach nó mar chomhpháirt theagmhasach, ní mór an cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE a bhunú ar bhunús dlí substainteach aonair, is é sin an bunús dlí a cheanglaítear de réir na príomhaidhme nó na príomh-chomhpháirte.

*4.2.2. Cur i bhfeidhm maidir leis an gcás seo*

Is le comhbheartas tráchtála a bhaineann príomhchuspóir agus ábhar an ghnímh atá beartaithe.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 207(4) CFAE an bunús dlí substainteach don chinneadh atá beartaithe.

### 4.3. Conclúid

Ba cheart an chéad fhomhír d'Airteagal 207(4) a bheith ina bhunús dlí don chinneadh atá beartaithe, i gcomhar le hAirteagal 218(9) CFAE.

## 5. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Tá na leasuithe atá beartaithe i ndáil leis an leasú ar an gComhaontú maidir le bearta slándála custaim bunaithe ar an bprionsabal go rachaidh an Eilvéis isteach i gclár ICS2 amhail chéad eisiúint an chláir an 15 Márta 2021. Déanfar eisiúintí eile in 2023 agus in 2024.

Beidh impleachtaí buiséadacha aige sin don Eilvéis. Leagtar miondealú ar na costais amach in airteagal 17 d'Iarscríbhinn I agus cuireadh iad in iúl don Eilvéis trí pháipéar leathoifigiúil freisin.

Déanfaidh an Eilvéis ranníocaíocht i leith gach eisiúna de ICS2, agus buntáille á híoc aici as na costais forbartha a thabhóidh an Coimisiún Eorpach. Is ionann na costais sin agus EUR 520,000 le haghaidh Eisiúint 1, is ionann iad agus EUR 550,000 le haghaidh Eisiúint 2 agus is ionann iad agus EUR 550,000 le haghaidh Eisiúint 3, agus tá siad bunaithe ar fhoirmle leithdháilte 4 %.

Déanfaidh an Eilvéis ranníocaíocht freisin i leith na gcostas oibriúcháin a thabhóidh an Coimisiún Eorpach chun freastal ar na costais bhliantúla a bhaineann le tástáil chomhréireachta agus cothabháil a dhéanamh ar bhonneagar (crua-earraí, bogearraí, óstáil, ceadúnais, etc.), ar chomhpháirteanna lárnacha ICS2 agus ar na feidhmchláir ghaolmhara agus na seirbhísí gaolmhara a theastaíonn dá n-oibriú agus dá n-idirnascadh (dearbhú cáilíochta, deasc chabhrach agus Bainistíocht Seirbhísí TF). Cé go bhfuil na costais oibriúcháin sin bunaithe ar an bhfoirmle leithdháilte 4 %, níl siad bunaithe ar ráta seasta bliantúil. Mar sin, tá uasteorainn EUR 450,000 in aghaidh na bliana ann leis na costais oibriúcháin uasta.

## 6. FOILSIÚ AN GHNÍMH ATÁ BEARTAITHE

Ós rud é go leasófar leis an ngníomh ó Chomhchoiste an Aontais Eorpaigh-na hEilvéise an Comhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le cigireachtaí agus foirmiúlachtaí a shimpliú i leith earraí a iompar agus maidir le bearta slándála custaim, is iomchuí é a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* tar éis a ghlactha.

2021/0005 (NLE)

Togra le haghaidh

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an seasamh a ghlacfar thar ceann an Aontais Eorpaigh i gComhchoiste an Aontais Eorpaigh-na hEilvéise a bunaíodh leis an gComhaontú an 25 Meitheamh 2009 idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le cigireachtaí agus foirmiúlachtaí a shimpliú i leith earraí a iompar agus maidir le bearta slándála custaim a mhéid a bhaineann leis an leasú ar Chaibidil III den Chomhaontú agus ar Iarscríbhinn I agus Iarscríbhinn II a ghabhann leis**

**TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,**

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 207(4) CFAE, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) tháinig Comhaontú an 25 Meitheamh 2009 idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le cigireachtaí agus foirmiúlachtaí a shimpliú i leith earraí a iompar agus maidir le bearta slándála custaim (‘an Comhaontú’) i bhfeidhm an 1 Iúil 2009[3];

(2) De bhun Airteagal 21.2 den Chomhaontú, féadfaidh Comhchoiste an Aontais Eorpaigh-na hEilvéise an leasú ar Chaibidil III den Chomhaontú agus ar na hIarscríbhinní a ghabhann leis a ghlacadh trí chinneadh uaidh le linn an chéad seisiúin eile dá chuid nó trí mhalartú litreacha;

(3) Le linn Airteagal 22.4 den Chomhaontú a chur i bhfeidhm, más rud é nach féidir an cinneadh a ghlacadh lena chur chun feidhme go comhuaineach, déanfar na leasuithe dá bhforáiltear sa dréachtchinneadh arna chur isteach lena fhormheas ag na Páirtithe Conarthacha a chur chun feidhme go sealadach, i gcás inar féidir, ón 15 Márta 2020 amach i gcomhréir le nósanna imeachta inmheánacha na bPáirtithe Conarthacha. Beidh an dáta sin i gcomhthráth leis an gcéad Eisiúint de Chóras Rialaithe Allmhairí 2, rud ar chomhaontaigh an Eilvéis páirt a ghlacadh ann.

(4) Is iomchuí an seasamh a ghlacfar thar ceann an Aontais sa Chomhchoiste a bhunú, toisc go mbeidh an leasú ina cheangal ar an Aontas,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Beidh an seasamh a ghlacfar thar ceann an Aontais sa Chomhchoiste bunaithe ar an dréachtghníomh ón gComhchoiste atá i gceangal leis an gCinneadh seo.

[3] IO L 199, 31/07/2009, lch. 24

*Airteagal 2*

Dírítear an Cinneadh seo chuig an gCoimisiún.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*